

ELeathanach294

Dé Luain 14 Bealtaine 2018

Comórtas Amhránaíochta na hEoraifíse

Bhí an comórtas bliantúil seo ar siúl i Liospóin sa Phortaingéil ag deireadh na seachtaine. Den chéad uair le roinnt blianta bhí amhrán ag an tír seo sa chraobh. Chan Ryan O'Shaughnessy é. Is as Loch Sionnaigh i dtuaisceart Chontae Átha Cliath é Ryan.

Sheinn Ryan ar a ghiotár chomh maith. Chan sé amhrán grá agus thaitin "Together" lena lán daoine. Rinne Ryan sár-jab. Bhí caighdeán an-ard ann áfach. Tháinig iarracht na hÉireann sa séú háit déag.

Bhí sé thír is fiche páirteach sa chraobh. 43 tír ar fad a bhí páirteach sa chomórtas i mbliana. Bhí an bua ag Netta ó Iosrael leis an amhrán "Toy". Nuair a bhí sí ag canadh ar an ardán bhí sí ag damhsa cosúil le sicín!

Nuair a bhí SuRie ag canadh don Ríocht Aontaithe tháinig fear ar an ardán gan chead. Thóg sé a micreafón, ach tar éis cúpla soicind fuair sí ceann eile agus lean sí leis an amhrán.



Lá maith eile ag na hÉireannaigh sa Rugbaí

Dé Sathairn bhuaigh foireann Chúige Laighean Corn na hEorpa sa Rugbaí. Bhí an cluiche ceannais ar siúl in Bilbao sa Spáinn. Bhí foireann Chúige Laighean ag imirt in éadan *Racing 92* ón bhFrainc.

Ní cluiche iontach a bhí ann, ach bhuaigh na Laighnigh leis an scór 15 - 12. Tháinig na scóir go léir ó chiceanna pionóis. Ní bhfuair aon duine úd sa chluiche.

Níos luaithe san earrach bhuaigh foireann náisiúnta na hÉireann comórtas na hEorpa freisin, corn Chraobh na Sé Náisiún.



Bóthar Blastal

Bhain timpiste do leoraí sa Pholainn le déanaí. Bhí an leoraí ag iompar seacláid leachtach nuair a bhuaíl sé in aghaidh bac bóthair. Bhris an tiománaí lámh.

Bhí seacláid ar fud an bhóthair. Bhí an bóthar dúnta ansin ar feadh cúpla uair an chloig mar bhí sé an-dainséarach.

Nuair a reoigh an tseacláid bhí sí chomh mín le gloine. Bhí ar an mbriogáid dóiteáin uisce te a úsáid chun an bóthar a ghlanadh. B'fhéidir gur úsáid siad spúnóga agus sopóga freisin!

